2025/1048

23.5.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1048 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Márta 2025

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1449 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú trí ghnéithe an scórchláir le haghaidh na Saoráide Athchóirithe agus Fáis a leagan amach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1449 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú ([1]), agus go háirithe Airteagal 26(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé d'aidhm ag an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bunaíodh le Rialachán (AE) 2024/1449 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an tSaoráid') na nithe seo a leanas a dhéanamh: (i) fás eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn; (ii) tacú le hinfheistíochtaí poiblí agus le hathchóirithe struchtúracha; (iii) acmhainneachtaí riaracháin agus institiúideacha na mBalcán Thiar a fheabhsú; agus (iv) tacú le tairbhithe na mBalcán Thiar agus iad ag iarraidh ballraíocht iomlán san Aontas a bhaint amach trína n-athléimneacht a neartú, trí dhlús a chur lena gcóineasú socheacnamaíoch, agus trína ngealltanais athchóirithe a threisiú.

(2) De bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2024/1449, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na Saoráide agus déanfaidh sé measúnú ar bhaint amach chuspóirí na Saoráide. Ní mór an faireachán ar an gcur chun feidhme a bheith spriocdhírithe agus comhréireach leis na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin tSaoráid.

(3) De bhun Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1449, bunóidh an Coimisiún scórchlár Saoráide, ina dtaispeánfar dul chun cinn chur chun feidhme Chláir Oibre Athchóirithe na dtairbhithe. Cuirfear an Scórchlár ar fáil go poiblí ar líne agus déanfaidh an Coimisiún é a nuashonrú 2 uair sa bhliain.

(4) De bhun Airteagal 4(9) de Rialachán (AE) 2024/1449, cuirfidh an Coimisiún faisnéis maidir le méid agus leithdháileadh na tacaíochta ar fáil go poiblí tríd an Scórchlár.

(5) Forbróidh an Coimisiún gnéithe an Scórchláir bunaithe ar na nithe seo a leanas: (i) an fhaisnéis atá sna Cláir Oibre Athchóirithe arna measúnú agus arna formheas i gcomhréir le hAirteagail 14 agus 15 de Rialachán (AE) 2024/1449; (ii) measúnú ar chomhlíonadh sásúil na gcoinníollacha íocaíochta; agus (iii) na heisíocaíochtaí a dhéanfar ina dhiaidh sin arna n-údarú i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2024/1449.

(6) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

([1]) IO L, 2024/1449, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1449/oj.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar an scórchláir Saoráide

1. Taispeánfar i scórchlár na Saoráide Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na gClár Oibre Athchóirithe, dul chun cinn a dhéanfar a thomhas go háirithe leis na nithe seo a leanas:

(a) comhlíonadh na gcéimeanna, lena léirítear cur chun feidhme na n-athchóirithe a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2024)7375 ón gCoimisiún maidir le Cláir Oibre Athchóirithe a fhormheas ([2]), trí na céimeanna a comhlíonadh go sásúil a liostú agus a chomhaireamh agus é sin a thaispeáint mar chéatadán den líon iomlán céimeanna a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2024) 7375;

(b) an dul chun cinn maidir le heisíocaíocht na tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha agus na n-iasachtaí, bunaithe ar chomhlíonadh sásúil na gcoinníollacha íocaíochta.

2. Taispeánfar sa scórchlár na nithe seo a leanas freisin:

(a) na Cláir Oibre Athchóirithe agus na measúnuithe ábhartha ón gCoimisiún ar na Cláir Oibre Athchóirithe sin;

(b) liosta na n-infheistíochtaí de chuid Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar arna bhformheas;

(c) naisc chuig suíomhanna gréasáin na dtairbhithe ar a bhfoilsítear sonraí cothrom le dáta ar fhaighteoirí deiridh a fhaigheann méideanna cistithe atá níos mó ná an choibhéis EUR 50 000 go carnach thar thréimhse 4 bliana chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme faoin tSaoráid seo.

3. Cuirfear an Scórchlár ar fáil go poiblí ar líne agus déanfaidh an Coimisiún é a nuashonrú 2 uair sa bhliain. Beidh an Scórchlár ar fáil ar a laghad go dtí deireadh thréimhse cur chun feidhme na Saoráide, lena gcumhdófar a fad iomlán, lena n-áirítear an tréimhse chairde.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([2]) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2024)7375 final ón gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2024 formheasadh na Cláir Oibre Athchóirithe le haghaidh na hAlbáine, na Cosaive, Mhontainéagró, na Macadóine Thuaidh agus na Seirbia. An scórchlár a bhunaítear leis an nGníomh Tarmligthe seo, úsáidfear é freisin chun an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre Athchóirithe le haghaidh na Boisnia agus an Heirseagaivéin a thaispeáint a luaithe a fhormheasfar é.